www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education
2014

# Irish

## Unit 3: Listening

## Higher Tier

**[GIR32]**

**WEDNESDAY 4 JUNE, MORNING**

# TRANSCRIPT

Each piece heard twice unless otherwise stated on transcript

Audio "beep" to precede each question

Five second pauses unless otherwise stated on transcript

8572.02**F**

www.xtrapapers.com

Northern Ireland Council for the Curriculum, Examinations and Assessment
General Certificate of Secondary Education, 2014
Irish, Unit 3, Listening, Higher Tier

In this section you will hear a number of pieces of Irish, You should listen to these very carefully as you will hear questions 1 to 8 only twice. You will hear question 9 three times. Read each question carefully. Complete your answer by listening to the recording and follow the instructions given in the question paper.

1 You hear an interview after a match.

*F* – Maith thú, a Sheáin. Ar thaitin an cluiche leat?

*M* – Thaitin sé go mór liom. Tá áthas an domhain orm bheith ag imirt don chontae.

*Pause*

*F* – Cad é a dúirt an captaen libh i ndiaidh an chluiche?

*M* – Dúirt sé gur imir gach duine go maith agus go raibh sé sásta mar gur bhain muid an cluiche inniu.

*Pause*

*F* – Ní raibh difear mór idir an dá fhoireann. Agus an scór-náid a sé in éadan náid a cúig.

*M* – Tá a fhios agam. Bhí an t-ádh linn inniu.

*Pause*

*F* – Ar mhaith leat rud ar bith eile a rá?

*M* – Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na daoine uilig a tháinig chuig an chluiche inniu. Bhí an t-atmaisféar ar fheabhas.

2 You hear the Irish teacher talking to his pupils.

*M* – Le Seachtain na Gaeilge a cheiliúradh beidh Tráth na gCeist ann do na scoláirí i mbliain a dó dhéag.

*Pause*

www.xtrapapers.com

*F* – Cá háit a mbeidh sé ar siúl?

*M* – Beidh sé i halla na scoile.

*F* – Cá huair?

*M* – Beidh sé ag am lóin amárach.

*Pause*

*M* – Beidh triúr ar gach foireann. Tá foirmeacha ar fáil san oifig. Má tá tuilleadh eolais de dhíth labhair leis an rúnaí roimh a dó a chlog inniu.

*Pause*

*M* – Ná déanaigí dearmad go mbeidh ceolchoirm sa bhaile mhór anocht ar a naoi a chlog le Seachtain na Gaeilge a cheiliúradh sa phobal.

3 You hear friends talking about work.

*M* – Cad é mar atá tú, a Aoife?

*F* – Tá mé ceart go leor.

*M* – Chuala mé go bhfuair tú post.

*F* – Fuair mé post páirtaimseartha cúpla seachtain ó shin.

*M* – Cá bhfuil tú ag obair?

*F* – Tá mé ag obair sa chaife Idirlín.

*Pause*

*M* – Cad é a dhéanann tú sa chaife?

*F* – Is freastalaí mé.

*Pause*

www.xtrapapers.com

*M* – An maith leat an obair?

*F* – Ní maith. Sílim go bhfuil an obair leadránach ach tá an t-airgead de dhíth orm.

*Pause*

*M* – Cá mhéad lá a bhíonn tú ag obair?

*F* – Bím ag obair lá amháin i rith na seachtaine agus dhá lá eile ag an deireadh seachtaine.

*M* – Tá sin iontach trom.

4 Peadar talks about his trip to Dublin.

*M* – A Pheadair, ar thaitin an turas go Baile Átha Cliath leat?

*M* – Thaitin, cinnte. Tá an-spéis agam sa stair agus thug mise agus mo chara cuairt ar Ardoifig an Phoist i Sráid Uí Chonaill.

*M* – Cad é eile a rinne sibh?

*M* – Chuaigh muid go Caisleán Bhaile Átha Cliath agus chuig an Iarsmalann Náisiúnta.

*M* – Go maith. Agus cad é mar a chuaigh sibh go Baile Átha Cliath?

*M* – Chuaigh muid leis an traein mar an Chéadaoin a bhí ann agus bíonn praghas speisialta ar thicéad fillte ar an lá sin.

*Pause*

*M* – D'fhág muid Béal Feirste ar a seacht a chlog ar maidin agus bhí muid i lár Bhaile Átha Cliath ar deich i ndiaidh a naoi.
Ní raibh an turas compordach ar chor ar bith. Bhí fadhb leis an teas agus mar sin bhí an traein iontach fuar.
Nuair a tháinig muid isteach sa stáisiún i mBaile Átha Cliath chuaigh mé féin agus paisinéir amháin eile chuig an oifig agus rinne muid gearán.

www.xtrapapers.com

5 Liam talks about his holidays.

*F* – A Liam, an ndeachaigh tú áit ar bith ar laethanta saoire i mbliana?

*M* – Chuaigh. Ní raibh sé ar intinn agam dul áit ar bith ach sa deireadh chuaigh mé go dtí An Iodáil le mo chairde.

*F* – Inis dom, cad é mar a bhí do laethanta saoire?

*M* – Bhí am ar dóigh agam.

*Pause*

*F* – An dtéann tú ar laethanta saoire go dtí An Iodáil gach bliain?

*M* – Ní théim. Ní raibh mé riamh san Iodáil roimhe sin ach ba mhaith liom dul ar ais ar an bhliain seo chugainn.

*Pause*

*F* – Cad é mar a bhí an bia?

*M* – Bhí an bia iontach blasta.

*F* – An raibh sé costasach?

*M* – Ní raibh. Bhí muid ag stopadh in óstán cúig réalt agus bhí na béilí san áireamh sa phraghas.

*Pause*

*F* – Cad é mar a bhí an saol sóisialta?

*M* – Ní raibh mórán le déanamh i rith an lae. Bhí sé iontach ciúin ach bhí na himeachtaí oíche ar fheabhas. Bhí cuid mhór le déanamh gach oíche.

www.xtrapapers.com

6 You hear two friends discussing future plans.

*F* – Dia duit, a Eoin.

*M* – Dia's Muire duit, a Úna.

*F* – An bhfuil a fhios agat go fóill cad é atá tú ag dul a dhéanamh nuair a fhágfaidh tú an scoil ar an bhliain seo chugainn?

*M* – Is fear dóiteáin é m'athair. Sílim gur mhaith liom féin bheith ag obair leis an tseirbhís dóiteáin fosta.

*Pause*

*F* – Sílim go bhfuil an obair sin iontach contúirteach. Bíonn dainséar ann gach lá.

*M* – Beidh mise ceart go leor.

*Pause*

*M* – Agus tusa? An bhfuil plean agatsa?

*F* – Níl mé réidh le post a fháil go fóill. Ba mhaith liom céim a bhaint amach.

*Pause*

*M* – Cad é ba mhaith leat a dhéanamh ina dhiaidh sin?

*F* – Níl mé cinnte go fóill. Ba mhaith liom taisteal ar dtús. Ba bhreá liom tíortha eile a fheiceáil.

*M* – Sin smaoineamh maith.

www.xtrapapers.com

7 You hear two young people taking part in a survey about city life and country life.

*M1* – Gabh mo leithscéal. Tá mé ag déanamh suirbhé. An bhfuil bomaite agat?

*F* – Tá, cinnte. Is mise Ciara.

*M1* – An bhfuil tú i do chónaí sa chathair nó faoin tuath?

*F* – Rugadh agus tógadh mé sa chathair agus tá mé i mo chónaí sa chathair go fóill.

*M1* – Cad iad na buntáistí a bhaineann le saol na cathrach?

*F* – Sa chathair tá sé furasta dul ó áit go háit mar tá na seirbhísí iompair poiblí ar fheabhas. Bíonn bus ann gach deich mbomaite.

*Pause*

*M1* – An bhfeiceann tú míbhuntáistí ar bith le saol na cathrach?

*F* – Tá a fhios agam go mbíonn na sráideanna salach agus ní maith liom sin. Bíonn bruscar ina luí gach aon áit.

*M1* – Go raibh maith agat.

*Pause*

*M1* – Cé thusa agus cá bhfuil tú i do chónaí?

*M2* – Is mise Tomás. Bhí mise i mo chónaí sa chathair cúpla bliain ó shin ach anois tá mé i mo chónaí ar fheirm faoin tuath.

*M1* – Cad é do bharúil den saol nua atá agat?

*M2* – Tá buntáistí ann ach tá a lán míbhuntáistí ann chomh maith.

*M1* – Cad iad na buntáistí?

*M2* – Ar ndóigh, tá an t-aer deas, glan. Níl an tuath truaillithe.

*Pause*

*M1* – Agus na míbhuntáistí?

*M2* – Tá an tseirbhís fón póca go holc. Ní oibríonn mo ghuthán póca sa teach.

*M1* – Tuigim.

www.xtrapapers.com

8 You hear a radio interview about problems young people have.

*F1* – Dia daoibh agus fáilte go Raidió an Droichid. Is mise Clár Ní Néill.

Tá grúpa scoláirí liom anseo sa stáisiún raidió agus cuirfidh siad síos ar na fadhbanna atá ag daoine óga inniu.

Dia duit, a Chaoimhín. An síleann tú go bhfuil brú ar dhaoine óga inniu?

*M1* – Dia's Muire duit. Tá mé cinnte go bhfuil a lán fadhbanna ag daoine óga. Bíonn siad faoi bhrú ar scoil. Bíonn siad ag obair go dian ar scoil mar tá cáilíochtaí de dhíth orthu.

*Pause*

*F1* – A Nóra, an síleann tusa go bhfuil saol crua ag daoine óga inniu?

*F2* – Sílim féin nach bhfuil go leor áiseanna ann do dhéagóirí. Tá mé cinnte go bhfuil níos mó áiseanna do dhaoine óga de dhíth.

*Pause*

*F1* – Agus tusa, a Eoin?

*M2* – Sílim féin go bhfuil tionchar rómhór ag na meáin chumarsáide ar dhaoine óga. Amharcann siad ar an teilifís agus téann siad amach agus déanann siad na rudaí a fheiceann siad ar an teilifís.

*Pause*

*F1* – Dia duit, a Róisín. Cad é an fhadhb is mó atá ag daoine óga, i do bharúil?

*F3* – Dia's Muire duit. Sílim go mbíonn fadhbanna teaghlaigh ag a lán daoine óga inniu. Ní réitíonn cuid mhór acu go maith lena dtuismitheoirí.

9 You hear Póilín talking about her hobby.

*M* – A Phóilín, an bhfuil tú ag dul rud ar bith speisialta a dhéanamh ag an deireadh seachtaine?

*F* – Tá. Tá mé ag dul amach ag siúl le mo chairde ón chlub siúil ag an deireadh seachtaine. Tá mise i mo bhall de chlub áitiúil agus is minic a théann muid ag siúl sna cnoic.

*Pause*

www.xtrapapers.com

*M* – Ní raibh a fhios agam go raibh an caitheamh aimsire sin agat.

*F* – Tá, cinnte. Téim amach ag siúl chomh minic agus is féidir liom. Cuidíonn sé liom éalú ó bhrú na hoibre agus ar ndóigh tá sé maith don tsláinte fosta. Is maith liom dul ag siúl leis an chlub mar is breá liom an chuideachta.

*Pause*

*M* – An dtéann tú ag siúl le daoine eile i gcónaí?

*F* – Téim liom féin anois agus arís. Ach, le fírinne, is fearr dul ag siúl le scaifte. Mothaím níos sábháilte nuair a bhíonn daoine eile thart orm.

*Pause*

*M* – Ba mhaith liomsa dul leat am éigin.

*F* – Tar liom am ar bith. Beidh fáilte romhat. An bhfuil buataisí siúil agat?

*M* – Níl, ach ceannóidh mé péire.

*F* – Maith go leor agus ceannaigh léarscáil mhaith fosta.

*Pause*

*M* – An bhfuil comhairle ar bith eile agat dom?

*F* – Tá. Roimh dhul amach ag siúl amharc ar réamhaisnéis na haimsire.

*M* – Tá tusa iontach ciallmhar.

*F* – Agus rud eile, inis do dhuine éigin cá bhfuil tú ag dul.

*M* – Go raibh maith agat as an chomhairle.